# Caibidil 2

## Ag caint faoi chúrsaí ceoil...
## Talking about music...

**Cabhróidh an chaibidil seo leat labhairt faoi chúrsaí ceoil.** *This chapter will help you to talk about music.*

**Ag deireadh na caibidle seo beidh tú ábalta:**
*At the end of this chapter you will be able to:*

- Labhairt faoin **sórt ceoil a thaitníonn leat is nach dtaitníonn leat agus an fáth**
  *Talk about the type of music you like and don't like, and why*
- Labhairt faoin **gceoltóir / ngrúpa ceoil is fearr leat agus an fáth**
  *Talk about your favourite musician/group and why you like them*
- A rá **conas a éisteann tú le do cheol**
  *Say how you listen to your music*
- A rá **conas a cheannaíonn tú nó a íoslódálann tú albaim is amhráin**
  *Say how you buy or download albums and songs*
- Labhairt faoi **cheolchoirmeacha is féilte ceoil**
  *Talk about concerts and music festivals*
- Cuntas a thabhairt **ar na huirlisí ceoil a sheinneann tusa**
  *Give an account of the musical instruments you play*

SAMPLE



## Tasc 1

### Cén sórt ceoil é? / What type of music is it?

**Scríobh an sórt ceoil atá i gceist faoi na pictiúir agus ansin abair cén sórt ceoil is fearr leat. Féach ar an mBosca Foclóra ar an gcéad leathanach eile.** *(Look at the vocabulary box on the next page.)*



A. ______________________



B. ______________________



C. ______________________



D. ______________________



E. ______________________



F. ______________________



G. ______________________




H. ______________________

SAMPLE

## Bosca Foclóra

**ceol clasaiceach:** classical music
**ceol tuaithe:** country music
**ceol leictreonach:** electronic music
- **damhsa:** dance
- **dubstep**
- **garáiste:** garage
- **ceol tí:** house music
- **teicneó:** techno

**ceol tíre:** folk music
**grúinse:** grunge
**miotal trom:** heavy metal
**hip-hap:** hip-hop
**snagcheol:** jazz
**popcheol:** pop
**pop-rac:** pop-rock
**rap/rap-cheol:** rap
**reigé:** reggae
**ceol rithime is gorma:** RnB (rhythm 'n' blues)
**rac/rac-cheol:** rock
**ceol traidisiúnta:** trad/traditional music

## Tasc 2

### Lúbra Focal

**Aimsigh (*find*) na focail thíos sa lúbra focal:**

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| M | N | C | P | U | H | B | P | N | T | A | D | P | I | L |
| C | I | A | A | I | I | I | O | A | S | T | A | C | N | F |
| H | R | O | P | R | M | T | P | L | T | N | F | G | B | C |
| P | C | H | T | P | N | N | D | N | E | Ú | B | E | S | T |
| S | A | A | M | A | E | C | Ó | B | I | I | R | U | M | S |
| P | I | I | N | S | L | A | S | G | C | S | N | O | L | B |
| R | L | O | L | O | R | T | C | H | N | I | M | V | T | B |
| É | G | I | E | R | E | C | R | N | E | D | L | H | F | E |
| I | É | H | U | T | I | R | D | O | Ó | I | L | Ó | U | R |
| N | E | P | L | C | O | P | T | É | M | A | T | E | F | M |
| T | E | E | P | M | C | M | T | C | Á | R | O | I | S | U |
| S | M | T | I | P | T | N | Ú | S | I | T | G | R | Ú | H |
| Ú | P | H | C | L | A | S | A | I | C | E | A | C | H | D |
| E | E | B | C | I | H | E | S | M | S | M | L | P | Í | E |
| T | I | C | E | L | L | Í | H | T | M | C | N | G | O | A |

Clasaiceach Hip hap Leictreonach Miotaltrom
Pop Rac Rap Reigé Teicneó Traidisiúnta

SAMPLE

## Tasc 3

### Na Méara is Tapúla ar an mBuzzer! / Fastest fingers on the buzzer!

**Cuir na seánraí ceoil thíos in ord a mbunaithe, ag tosú leis an gceol is luaithe.**
*Put the following musical genres in order of when they first started, beginning with the earliest.*

**Scríobh na huimhreacha 1–5 in aice leo. Nuair atá an tasc críochnaithe agat, cuir suas do lámh is léigh d'fhreagraí amach don rang.**

Grúinse = ❑

Rac is Rolla = ❑

Dioscó = ❑

Snagcheol = ❑

Punc-Rac = ❑

SAMPLE

### Abair é!

**Anois, freagair na ceisteanna seo a leanas agus ansin cuir na ceisteanna céanna ar an dalta in aice leat.**
*Answer the following questions and then put the same questions to the student beside you.*

1. Cén sórt ceoil a thaitníonn leat? / Cén sórt ceoil is fearr leat?

_______________________________________________

_______________________________________________

2. Cén sórt ceoil nach dtaitníonn leat? / An bhfuil aon sórt ceoil nach maith leat?

_______________________________________________

_______________________________________________

#### Bosca Foclóra

**Is maith liom X:** I like X
**Taitníonn X liom:** I enjoy X
**Ní maith liom Y:** I don't like Y
**Ní thaitníonn Y liom:** I don't enjoy Y
**Is aoibhinn liom. . . / Is breá liom. . . :** I love. . .
**Is maith liom X ach is fearr liom Y ná aon cheol eile** (*nó* Is maith liom X ach is é Y an sórt ceoil is fearr liom)**:** I like X but I prefer Y to any other music
**Is fuath liom. . . :** I hate. . .

# Tasc 4

## Bris an Cód

**Bris Cód na gCeoltóirí thíos chun ainmneacha cheoltóirí is ghrúpaí a nochtadh.**
*Break the codes below to name the musicians and groups.*

**Sampla:** **Tusa a Dó = U2**

1. Meascán Beag (6, 3) ______________________
2. Gunnaí agus Rósanna (4, 3, 5) ______________________
3. Bí-ar-abair (7) ______________________
4. Micheál Mac Jeaic (7, 7) ______________________
5. Briotanach-glúin Sleánna (7, 6) ______________________
6. Bean As a Meabhair (4, 4) ______________________
7. King-Áine (7) ______________________
8. Treo Amháin (3, 9) ______________________
9. Son-le-big (10) ______________________
10. Na Ciaróga (3, 7) ______________________
11. Bándearg (4) ______________________
12. Goid-ee Liamaí (6, 8) ______________________
13. Yes-eochair-ra (7) ______________________
14. An féidir–sea (*slang*) Iarthar (5, 4) ______________________

SAMPLE

# Tasc 5

## Tráth na gCeist – Cé hé/Cé hí? / Quiz – Who is it?

- **Roghnaigh ceoltóir / amhránaí nó grúpa.**
  *Choose a musician / singer or a group.*
- **Cad as dó / di / dóibh?**
  *Where is / are he / she / they from?*
- **Déan cur síos air / uirthi orthu.**
  *Describe him / her / them.*
- **Más grúpa é – cé mhéad duine atá ann?**
  *If it's a group – how many people are in it?*
- **Cén sórt ceoil a sheineann siad?**
  *What sort of music do they play?*
- **Ar bhuaigh siad aon ghradam ceoil riamh?**
  *Did they ever win a music award?*
- **Ar sheinn siad ceolchoirm in Éirinn riamh? Má sheinn, cén áit?**
  *Did they ever play a concert in Ireland? If so, where?*
- **Ainmnigh ceann dá n-amhrán is cáiliúla.**
  *Name one of their most famous songs.*

SAMPLE

### Leideanna Samplacha

1. **Tá . . . duine sa ghrúpa seo.**
2. **Is grúpa (Meiriceánach / Sasanach / Éireannach / Gearmánach / Astrálach . . .) é.**
3. **Tá . . . duine sa ghrúpa.**
4. **Seinneann siad . . . ceol.**
5. **Sheinn siad ceolchoirm i/sa. . . in Éirinn sa bhliain . . . .**
6. **Níor sheinn siad ceolchoirm in Éirinn riamh *(ever)*.**
7. **Canann siad *(they sing)* . . . .**
8. **Bhuaigh siad Gradam Grammy/Meteor . . .**
9. **Níor bhuaigh siad aon ghradam go dtí seo *(up to now)*.**

**Scríobh do leideanna *(hints)* anseo thíos. Ansin léigh amach don rang iad. An féidir le haon dalta nó leis an múinteoir an ceoltóir / an t-amhránaí / grúpa a ainmniú?**
*Read out your hints to the class. Can any student or the teacher name the artist / group?*

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________
6. ______________________________

**Freagra:** ____________________

## Abair é!

**Anois, freagair na ceisteanna seo a leanas agus ansin cuir na ceisteanna céanna ar an dalta in aice leat.**

*Answer the following questions and then put the same questions to the student beside you.*

**1. Cé hé / hí an ceoltóir / an t-amhránaí is fearr leat agus cén fáth?**

*Who is your favourite musician / singer and why?*

Is é/í ______________________________ an ceoltóir / an t-amhránaí is fearr liom mar ______________________________

______________________________

### Bosca Foclóra

**Is amhránaí maith é/í:** He/she is a good singer
**Is ceoltóir difriúil / éagsúil é / í:** He/she is a different kind of musician
**Is ceoltóir an-tallannach é/í:** He/she is a very talented musician
**Scríobhann sé a chuid amhrán féin:** He writes his own songs
**Scríobhann sí a cuid amhrán féin:** She writes her own songs

SAMPLE

**2. Cad é an grúpa ceoil / an banna ceoil is fearr leat agus cén fáth?**

*Who is your favourite group / band and why?*

Is maith / breá / aoibhinn liom ______________________ mar ______________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

### Bosca Foclóra

**Tá siad go han-mhaith:** They are very good
**Is maith liom an sórt ceoil a chanann siad:** I like the kind of music they sing
**Is grúpa nua iad:** They are a new group
**Is ceoltóirí den scoth iad:** They are excellent musicians
**Scríobhann siad a gceol féin agus is maith liom é sin:** They write their own music and I like that
**Níl a fhios agam cén fáth ach is maith liom iad:** I don't know why, I just like them!
**Is maith liom éisteacht leo nuair a bhíonn mé / bhím ag déanamh m'obair bhaile:** I like listening to them when I am doing my homework
**Éistim leo nuair a bhíonn mé / bhím ag ligean mo scíthe nó ag dul a chodladh:** I listen to them when I'm relaxing or going to sleep

## Tasc 6

### Suirbhé / Survey

**Fiafraigh de 10 daltaí eile sa rang Gaeilge conas a éisteann siad lena gcuid ceoil. Cuir tic sa bhosca cuí de réir na bhfreagraí.**
*Ask the other students in your Irish class how they listen to their music. Put a tick in the appropriate box.*

An Cheist: "Conas a éisteann tú le ceol de ghnáth (*usually*)?"

| Ainm an Dalta | Ceirnín 'vinyl' | Dlúthdhiosca (CD) | Ríomhaire | iPod | Fón Póca | Aip |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Máire | ✔ | | ✔ | | ✔ | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

SAMPLE

### Bosca Foclóra

**Ceannaím / Ceannaíonn mé dlúthdhioscaí:** I buy CDs
**Ceannaím dlúthdhiosca nó dhó anois is arís (ach ní rómhinic):** I buy a CD or two now and again (but not too often)
**Ceannaím amhráin nó ceol ar líne ó iTunes:** I buy songs or music online from iTunes
**De ghnáth:** Usually
**Íoslódálaim ceol ó aipeanna difriúla:** I download music from various apps
**Éistim le mo cheol ar mo theileafón póca:** I listen to my music on my mobile phone
**Éistim le ceol ar m'fhón glúine:** I listen to music on my laptop
**Éistim le ceol ar líne:** I listen to music online

### Torthaí an tSuirbhé / Survey Results

**Éisteann formhór *(majority)* na ndaltaí le ceol ar** ____________________

**Ní éisteann a lán daltaí le ceol ar** ____________________